North South Ministerial Council
Joint Secretariat

An Chomhairle Aireachta
Thuaidh Theas
An Chomhrúnaíocht

# PÁIPÉAR CATT TEANG 1 (13) CR

# AN CHOMHAIRLE AIREACHTA THUAIDH THEAS

# CRUINNIÚ - AN FORAS TEANGA

# OIFIGÍ CHOMHRÚNAÍOCHT NA CATT, ARD MHACHA

# 6 MÁRTA 2013

# COMHRÁITEAS

1. Tionóladh an seachtú cruinniú dhéag d'Fhoras Teanga na Comhairle Aireachta Thuaidh Theas in Ard Mhacha ar an 6 Márta 2013. I láthair ag an gcruinniú bhí Carál Ní Chuilín MLA, Aire Cultúir, Ealaíon agus Fóillíochta, Aire Sóisearach OCALCA Jonathan Bell MLA, agus Donnchadh Mac Fhionnlaoich TD, Aire Stáit sa Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta. Rinne an tAire Ní Chuilín cathaoirleacht ar an gcruinniú.

2. Rinneadh plé ag an gcruinniú ar shaincheisteanna a bhaineann leis an bhForas Teanga agus lena dhá chomhghníomhaireacht, Gníomhaireacht na hUltaise (Tha Boord o Ulstèr-Scotch) agus Foras na Gaeilge.

**RÁITIS TOSAIGH**

3. Phléigh na hAirí ócáidí a bhaineann le teangacha atá ar bun mar chuid d'Uachtaránacht na hÉireann ar an Aontas Eorpach.

Rinne na hAirí comhghairdeas freisin leis an dá Ghníomhaireacht as ócáidí rathúla a eagrú le déanaí - Foras na Gaeilge as seoladh an mhórfhoclóra nua Béarla-Gaeilge agus Gníomhaireacht na hUltaise as oscailt oifigiúil a hoifige nua réigiúnaí i Ráth Bhoth.

**PLEANANNA GNÓ AGUS BUISÉID 2012**

4. D'fhaomh an Chomhairle Pleananna Gnó agus Buiséid 2012 an Fhorais Teanga.

**FORAS NA GAEILGE - ATHBHREITHNIÚ AR BHUNMHAOINIÚ**

5. D'aontaigh na hAirí síneadh a chur leis na socruithe reatha do bhunmhaoiniú go dtí an 31 Nollaig 2013. Thug siad treoir freisin go gcuirfí pleananna chun cinn chun samhail athbhreithnithe do bhunmhaoiniú a thabhairt isteach; samhail a chuimseoidh na Straitéisí ábhartha teanga sa dá dhlínse, ag féachaint do chinneadh críochnaitheach a dhéanamh faoi mhí an Mheithimh 2013 ar a dhéanaí.

**GNÍOMHAIREACHT NA hULTAISE - AN CLÁR DO SCOILEANNA EISEAMLÁRACHA**

6. Nótáil na hAirí cur i láthair Phríomhfheidhmeannach Ghníomhaireacht na hUltaise, ina ndearnadh cur síos ar an gclár do scoileanna eiseamláracha agus tionscadail eile atá á gcur chun cinn mar chuid de Thionscnamh Oideachais Ghníomhaireacht na hUltaise.

**DÁTA AN CHÉAD CHRUINNITHE EILE**

7. D'aontaigh an Chomhairle go mbeadh an chéad chruinniú eile den Fhoras Teanga ar siúl i mí an Mheithimh 2013.

**An Chomhrúnaíocht**
**6 Márta 2013**
**www.northsouthministerialcouncil.org**